# Dúlamán

**Curfá:**
Dúlamán na binne buí,
Dúlamán Gaelach
Dúlamán na farraige,
B'fhearr a bhí in Éirinn

A níon mhín ó,
Sin anall na fir shuirí
A mháithrín mhín ó,
Cuir na roithleán go dtí mé

**Curfá**

Tá ceann buí óir
Ar an dúlamán gaelach
Tá dhá chluais mhaol
Ar an dúlamán maorach

**Curfá**

Rachaimid 'un an lúr
Leis an dúlamán gaelach
Ceannóimid bróga daora
Ar an dúlamán maorach

**Curfá**

Bróga breaca dubha
Ar an dúlamán gaelach
Tá bairéad agus triús
Ar an dúlamán maorach

**Curfá**

Ó chuir mé scéala chuici
Go gceannóinn cíor dí
'Sé an scéal a chuir sí
chugam
Go raibh a ceann cíortha

**Curfá**

Cad é a thug 'na tíre thú?
Arsa an dúlamán gaelach
Ag suirí le do níon
Arsa an dúlamán maorach

**Curfá**

Cha bhfaigheann tú mo
níon,
Arsa an dúlamán gaelach
Bhuel, fuadóidh mé liom í,
Arsa an dúlamán maorach

**Curfá**